Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Feabhra 2022
(OR. en)

6428/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0371(NLE)**

SCH-EVAL 22
DATAPROTECT 44
COMIX 88

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 21 Feabhra 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5507/22 |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2021 ar **Lichtinstéin** maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse na **cosanta sonraí** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2021 ar Lichtinstéin maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse na cosanta sonraí, arna ghlacadh ag an gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 21 Feabhra 2022.

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013, cuirfear an Moladh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na Parlaimintí náisiúnta.

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach

**MOLADH**

**maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2021 ar Lichtinstéin maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse na cosanta sonraí**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen[1], agus go háirithe Airteagal 15 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I mí an Mhárta 2021, rinneadh meastóireacht Schengen ar Lichtinstéin i réimse na cosanta sonraí pearsanta. Tar éis na meastóireachta, le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2021) 9300 ón gCoimisiún, glacadh tuarascáil lena gcumhdaítear na torthaí agus na measúnuithe, ina liostaítear na dea-chleachtais agus na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

(2) I bhfianaise thorthaí na meastóireachta, is iomchuí gníomhaíochtaí áirithe feabhais a mholadh do Lichtinstéin chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh.

---

1 IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

(3) I bhfianaise a thábhachtaí atá sé *acquis* Schengen a chomhlíonadh, agus go háirithe a mhéid a bhaineann le maoirseacht éifeachtach ag údarás cosanta sonraí Lichtinstéin agus na nósanna imeachta maidir le seiceálacha ar dhuine ar dhul isteach, ba cheart tús áite a thabhairt do chur chun feidhme mholtaí 1 agus 12 mar a leagtar amach sa Chinneadh seo iad.

(4) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig parlaimintí náisiúnta na mBallstát. Laistigh de 3 mhí ó dháta a ghlactha, ba cheart do Lichtinstéin, de bhun Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, plean gníomhaíochta a bhunú lena liostaítear na moltaí uile lena leigheastar aon easnaimh a sainaithníodh sa tuarascáil mheastóireachta agus an plean gníomhaíochta sin a sholáthar don Choimisiún agus don Chomhairle. Ba cheart do Lichtinstéin, de bhun Airteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, measúnú a sholáthar don Choimisiún ar chur chun feidhme féideartha na moltaí le haghaidh feabhsuithe agus tuairisc ar na gníomhaíochtaí a cheanglaítear uirthi a dhéanamh.

AG MOLADH:

gur cheart do Lichtinstéin an méid a leanas a dhéanamh:

**Reachtaíocht**

1. cumhachtaí ceartaitheacha éifeachtacha a thabhairt dá údarás maoirseachta i gcomhréir le hAirteagal 47(2) de Threoir (AE) 2016/680[1], mar aon leis an gcumhacht a bheith aige an rialaitheoir a chur ar an eolas faoi shárú nó faoi easnamh maidir le próiseáil sonraí pearsanta;

**An tÚdarás Cosanta Sonraí**

2. tuilleadh sonraithe a dhéanamh ar na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith leis an gCeann agus le Leas-Cheann an údaráis cosanta sonraí a bhriseadh as a bpost chun an baol a bhainfeadh le foirceannadh luath téarma oifige na gcomhaltaí a sheachaint seachas i gcás mí-iompair thromchúisigh nó mura gcomhlíonann siad a thuilleadh na coinníollacha is gá chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh;

---

[1] IO L 119, 4.5.2016, lch. 89.

3. a áirithiú go gcuirfear an maolú a luaitear in Airteagal 10 dá *Datenschutzgesetz* i bhfeidhm go docht ionas nach gcumhdaítear, i gcomhthéacs phléití an rialtais mar chomhlacht coláisteach, ach próiseáil sonraí pearsanta amháin;

4. plean maoirseachta maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla Lichtinstéin i ndáil le Córas Faisnéise Schengen (SIS) agus leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) a bhunú;

5. a áirithiú go mbeidh raon feidhme cuimsitheach ag na húdaráis cosanta sonraí sna hiniúchtaí a dhéanfar amach anseo ar oibríochtaí próiseála a ghabhann le SIS agus VIS, lena n-áirítear maidir leis na húdaráis a úsáideann na córais sin;

**Cearta an ábhair sonraí**

6. gur mar fhreagra ar féidir agóid a dhéanamh ina choinne os comhair na Cúirte Riaracháin a thabharfar freagra ar iarrataí na n-ábhar sonraí, maidir le feidhmiú a gceart faoi na gníomhartha dlíthiúla lena mbunaítear SIS agus VIS, agus gan ceangal a chur ar na hábhair sonraí freagra a iarraidh mar chinneadh ar féidir agóid a dhéanamh ina choinne;

7. faisnéis a sholáthar d'ábhair sonraí ar shuíomh gréasáin na bPóilíní Náisiúnta (i nGearmáinis agus, más féidir, i mBéarla freisin), lena n-áirítear litreacha eiseamláireacha d'iarrataí ó ábhair sonraí faoi na gníomhartha dlí lena mbunaítear SIS;

8. a áirithiú go dtabharfaidh Oifig na hInimirce agus na bPasanna freagra ar iarrataí na n-ábhar sonraí faoi na gníomhartha dlíthiúla lena mbunaítear SIS agus VIS maidir lena gcuid sonraí pearsanta atá stóráilte in VIS agus SIS san fhormáid chéanna ina bhfuarthas iad, lena n-áirítear go leictreonach;

9. a áirithiú go gcuirfidh Oifig na hInimirce agus na bPasanna litreacha eiseamláireacha ar fáil d'ábhair sonraí faoi na gníomhartha dlí lena mbunaítear SIS agus VIS ar shuíomh gréasáin na hOifige, agus go ndéanfar seo, más féidir, i mBéarla freisin;

10. a áirithiú go gcuirfidh Oifig na hInimirce agus na bPasanna faisnéis ar fáil freisin d'ábhair sonraí ar shuíomh gréasáin na hOifige, agus go ndéanfaí seo, más féidir, i mBéarla freisin;

11. gan táillí a ghearradh as iarrataí na n-ábhar sonraí a láimhseáil ach amháin i gcás ina gceadaítear sin faoi dhlí an Aontais;

**An Córas Faisnéise Víosaí**

12. bailchríoch a chur ar an tionscadal feabhsúcháin a luaithe is féidir chun a áirithiú go ndéanfar gach gníomh ábhartha de chuid úsáideoirí faoi phribhléid in VIS a logáil go hiomchuí agus chomh maith leis sin chun feabhas a chur ar ábhar na logaí d'fhonn a áirithiú go ndéanfar gníomhaíocht úsáideoirí eile a logáil go hiomchuí;

13. bailchríoch a chur ar an tionscadal chun comhéadan grafach úsáideora a fhorbairt ar mhaithe le hanailís logála a dhéanamh agus ar mhaithe le minicíocht seiceálacha na logaí maidir le VIS arna dhéanamh ag Oifig na hInimirce agus na bPasanna a mhéadú;

14. más ag brath ar sholáthraí seirbhíse seachtrach atáthar go fóill, ní mór conradh próiseálaí a thabhairt i gcrích leis an soláthraí seirbhíse sin a chomhlíonann ceanglais Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2016/679;

15. a oibleagáid faoi Airteagal 9(2)(k) de Chinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle a chomhlíonadh maidir leis an bhfaireachán inmheánach is gá a dhéanamh ar úsáid VIS ag na Póilíní Náisiúnta, lena n-áirítear anailís ar loga;

**Córas Faisnéise Schengen**

16. Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige maidir le foirmeacha cláraithe aíonna óstáin a chur ar aghaidh chuig lárstóras agus iad a chros-seiceáil chun comhlíonadh Threoir (AE) 2016/680 a áirithiú, Treoir a trasuíodh ó rinneadh an mheastóireacht dheireanach.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*